An Coimisiún Eorpach

# **Anna Lindh:** Guth na Sualainne ar son na hEorpa os comhair an tsaoil mhóir (1957 - 2003)



© European Union 2001 - EP

*Bhí Ylva Anna Maria Lindh, duine a bhí gníomhach i saol na polaitíochta óna hóige, bhí sí ar dhuine de mhórphearsana na polaitíochta comhaimseartháí sa tSualainn.*

*In 1957 a rugadh í, in Ollscoil Uppsala a rinne sí staidéar ar an dlí agus sa bhliain 1982 d'éirigh léi suíochán a fháil sa Pharlaimint. 12 bhliain níos moille is ea a fuair sí a céad phost mar aire, nuair a ceapadh ina haire comhshaoil í. Tharraing sí clú agus cáil idirnáisiúnta uirthi féin dá éis sin mar aire gnóthaí eachtracha na Sualainne agus mar dhuine a labhair amach go neamhbhalbh agus a bhí tiomanta ina cuid oibre.*

*Bhí Lindh go mór ar son na hEorpa agus dá iomráití í roimhe sin, b'iomráití fós í le linn uachtaránacht na Sualainne ar an Aontas Eorpach in 2001, tráth a chabhraigh a taidhleoireacht chun cogadh a sheachaint i bPoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine. Ba í a bhí i gceannas ar fheachtas rialtas na Sualainne sa reifreann in 2003 chun an euro a thabhairt isteach sa tír ach dúnmharaíodh í cúpla lá sula raibh an vóta ann.*

## Cúlra

An 19 Meitheamh 1957 in Enskede, bruachbhaile de chuid Stócólm, a rugadh Ylva Anna Maria Lindh, iníon ealaíontóra agus múinteora. Thosaigh sí ag gabháil den pholaitíocht nuair nach raibh sí ach 12 bhliain d'aois, tráth a chuaigh sí isteach i bPáirtí Sóisialach Daonlathach na hÓige agus nuair a bhí na 13 bliana bainte amach aici ceapadh ina hurlabhraí ar a cumann áitiúil í.

Bhí sí fós gníomhach sa pholaitíocht le linn di a bheith in Ollscoil Uppsala, áit a ndearna sí staidéar ar an dlí. Tar éis di an chéim a bhaint amach agus a bheith ag obair i gcúirt dúiche ar feadh sé mhí, fuair Anna a céad shuíochán parlaiminte don Pháirtí Sóisialach Daonlathach in 1982 agus ba í an chéad bhean riamh í a bhí ina cathaoirleach ar Pháirtí Sóisialach Daonlathach na hÓige sa tSualainn.

Tar éis di a bheith ag obair mar chomhairleoir cathrach cultúir i Stócólm idir 1991 agus 1994, ceapadh Lindh ina haire comhshaoil. Ba sa phost sin a thosaigh sí ag gnóthú clú di féin, ní hamháin ó thaobh na polaitíochta náisiúnta de ach ó thaobh na polaitíochta domhanda de freisin. Feachtasóir gan eagla a bhí inti a thug dúshlán roinnt cuideachtaí idirnáisiúnta mar gheall ar a gcuid taifead comhshaoil.

## Os comhair an tsaoil mhóir

Agus í ag teacht chun cinn mar réalta polaitíochta sa tSualainn, ceapadh Lindh ina haire gnóthaí eachtracha in 1998 faoin bPríomh-Aire Goran Persson. Thug na meáin "banphrionsa Persson" uirthi mar ceapadh san am go raibh ceannaire na Sualainne

á hullmhú le teacht i gcomharbacht airsean mar cheannaire ar an bpáirtí ar dtús agus mar cheannaire ar an tír freisin dá éis sin.

Bhí cáil ar Anna as a neamhbhailbhe a labhair sí agus as tíortha eile a cháineadh gan fiacail a chur ann, roinnt comhghuaillithe de chuid na Sualainne san áireamh. Ba thúisce a labhraíodh sí dá mbeadh ceisteanna mar gheall ar chearta an duine le réiteach. I Moscó, cháin sí go láidir gníomhaíochtaí na Rúiseach in Chechnya; thacaigh sí go hoscailte le réiteach an dá stát sa Mheánoirthear agus bhí sí glan i gcoinne bheartas Phríomh-Aire Iosrael san am, Ariel Sharon, i leith na bPalaistíneach.

"Maor aonair" a thug sí ar an Uachtarán George W. Bush uair amháin i ráiteas cáiliúil uaithi, mar gheall go ndeachaigh sé chun cogaidh leis an Iaráic; bhí sise ag cur i gcoinne an chogaidh sin ar an ábhar nár cheadaigh na Náisiúin Aontaithe é. Chaith sí anuas ar na Stáit Aontaithe freisin le linn di a bheith in Washington mar gheall ar an gcaoi a rabhthas ag caitheamh leis na príosúnaigh i mBá Guantanamo.

## Is féidir duine a mharú ach smaointe ní féidir"

*Sliocht as aitheasc Anna Lindh d'Olaf Palme ar ócáid a shochraide, an 15 Márta 1986*

## I mbun feachtasaíochta i bhfabhar an euro

Ba é an euro an tsaincheist ba mhó a spreag Lindh chun na polaitíochta. Ba mhór an ról a bhí aici i dtaca le láithreacht na Sualainne san Aontas Eorpach a chur chun cinn agus í mar chathaoirleach ar chruinnithe le hairí gnóthaí eachtracha le linn na huachtaránachta Sualannaí ar an Aontas Eorpach in 2001. Nuair ba chosúil go raibh an choinbhleacht i ndán do mhuintir Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine (a dtugtar an Mhacadóin Thuaidh anois air) in 2001, bhí ról ríthábhachtach le himirt ag Anna Lindh, príomhthoscaire na hEorpa, nuair a tharraing sí gnéithe éagsúla bheartas slándála an Aontais le chéile in aon mhóréacht amháin, rud a d'fhág gur seachnaíodh an choinbhleacht sa deireadh.

Bhí Lindh i gcónaí go mór ar son na hEorpa le linn a gairme beatha cé go raibh sí ag obair ar son tír a mbíodh amhras ar a muintir faoin Aontas Eorpach ó am go chéile. Ba cheannródaí feachtasaíochta í i reifreann na Sualainne i mí Mheán Fómhair 2003 maidir leis an euro a thabhairt isteach sa tír. Bhíodh Lindh ag obair ar an gcamchuairt feachtasaíochta an t-am ar fad, beagnach, ag tabhairt óráidí lán paisin uaithi féin, agus ní hamháin sin, ach chuir sí ina luí ar a comhpholaiteoirí ón nGréig agus ón nGearmáin, George Papandreou agus Joschka Fischer, teacht go dtí an tSualainn chun a dtacaíocht a thabhairt don fheachtas i bhfabhar an euro.

## Bás tragóideach

An 10 Meán Fómhair 2003, ionsaíodh le scian í agus í ag siopadóireacht i siopa mór i lár Stócólm an lá sula raibh sí ceaptha páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ar an teilifís maidir leis an reifreann, b'shin díreach trí lá sula raibh an reifreann féin ann. Fuair sí bás an lá dar gcionn.

Dhiúltaigh muintir na Sualainne don euro sa deireadh; vótáil 55.9 % den tír in aghaidh an airgeadra aonair agus 42.0 % ina fhabhar.

Is trí na tionscnaimh agus na cláir a bunaíodh in ómós d'Anna Lindh a chuimhneofar go deo uirthi. San áireamh orthu sin tá Foras Eora-Mheánmhara Anna Lindh maidir leis an bPlé Idir Cultúir, líonra eagraíochtaí na sochaí sibhialta arb é is aidhm dóibh an t-idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn i réigiún na Meánmhara. Bronntar Duais Anna Lindhgach bliain ar dhuine nó ar institiúid a bhfuil 'an chrógacht aige nó aici cur i gcoinne na fuarchúise, na claontachta, an leatroim agus na héagóra chun saol maith a chur chun cinn do chách i dtimpeallacht ina n-urramaítear cearta an duine'. Bronnadh an duais ar an bpolaiteoir agus taidhleoir, Madeleine Albright, ó na Stáit Aontaithe, agus ar Eren Keskin, an dlíodóir de bhunadh na Tuirce a oibríonn ar son chearta an duine agus a bhíonn ag obair ar shaincheisteanna LADT+, agus ar chearta na mban agus na dteifeach.